




An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Teach Cúirte Luimnigh Sráid Mulgrave



Fiosruithe

Oifig na Cúirte Luimnigh (Coiriúil & Ceadúnú)

Teach na Cúirte, Stáid Mulgrave, Luimneach.

Teil: +353 61 289 900

R-phost: limerickcourtoffice@courts.ie

Uaireanta oscailte na hOifige :

Dé Luain go dtí an Aoine:

10.00 r.n. - 12.30 i.n.

agus

2.15 i.n. - 4.00 i.n.

Foilsithe ag Oifig Eolais
na Seirbhíse Cúirteanna
www.courts.ie

Márta 2018



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Tá an teach cúirte ar Shráid Mulgrave lonnaithe ar shuíomh iar-dhún airtléire, ceann de cheithre cinn a bhí lonnaithe i Luimneach sa 19ú haois. Ós rud é go raibh dhá cheann de na foirgnimh stairiúla thábhachtacha fós ar an suíomh, bhí deis faoi leith ann foirgneamh cathartha a bheadh ina shainchomhartha a sholáthar trí thionscadal an tí chúirte, rud a chuirfeadh le réimse poiblí an cheantair institiúideach seo i Luimneach.

Dearadh an fhoirgnimh

Is áis saintógtha den chineál is nua-aimseartha é an teach cúirte. Is príomhghné den phríomhbhealach isteach iad an dá theach geata a bhí mar fhócas do bhealach isteach bunaidh an tseandúin. Tá an dá theach geata, ar úsáideadh iad mar bhealach isteach saintréitheach, ina gcróilár freisin a bhfuil an foirgneamh deartha timpeall air. Is léiriú nua-aimseartha ar an bpóirseáid thraidisiúnta é an spás siúil laistiar de na tithe geata atá gloinithe go hoscailte.

Freastalaíonn leagan amach an tí chúirte ar riachtanais fheidhmiúla na coimre ailtreachta, ar riachtanais dhifriúla na ngrúpaí a úsáidfidh an chúirt agus ar threoshuíomh an tsuímh.

Tagann an pobal isteach trí nasc gloinithe go dtí spás mór oscailte, áit a bhfuil



teacht acu ar sheomraí comhairliúcháin, ionad tionóil an ghiúiré, oifigí cleachtóirí dlí, oifigí na cúirte agus seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh. Tá sé sheomra cúirte leagtha amach ar an gcéad stór ar bhealach neas-siméadrach ar an dá thaobh den bhealach isteach agus timpeall ar shlí dála mhór phoiblí. Tá solas nádúrtha agus radharc ar an spéir i ngach seomra cúirte.

Lasmuigh den fhoirgneamh, cruthaíodh imeall nua poiblí ar Shráid Mulgrave agus ar Shráid an Cheoil trí mheascán de thírdhrechtú bog agus crua. Rinneadh teorainn an tsuímh a dhaingniú le balla íseal aolchloiche agus ráille, a leanann seanlíne bhalla an dúin, a bhfuil cuid de fós ann laistiar den suíomh ar Bhóthar Bhaile an Róistigh. Baineadh úsáid as ábhair ardchaighdeán, go príomha aolchloch ar tagairt í d'aolchloch ghearrtha thraidisiúnta na háite a úsáideadh i bhfoirgnimh chosanta an tsuímh agus ar fud Luimnigh.

Stair an tSuímh

Tugtar baile garastúin ar Luimneach go minic mar gheall ar a stair mar dhaingean cosanta le haon

chéad déag anuas. I lár an 19ú haois bhí ceithre dhún i gCathair Luimnigh ós rud é gurb é Luimneach ceanncheathrú cheantair an iardheiscirt. Tá suíomh an tí chúirte nua lonnaithe ar iardhún airtléire, é críochnaithe in 1807 agus in úsáid i rith an 19ú haois. Le linn na tréimhse seo, forbraíodh Sráid Mulgrave mar cheantar institiúideach. Bhí an dún airtléire, príosún an chontae, an ghealtlann, ospidéal an chontae agus an reilig chathrach go léir lonnaithe sa cheantar seo.



Grúpa foirgneamh iata a raibh láthair pharáide aige a bhí sa dún. Bhí an bealach isteach tosaigh suite idir an dá theach geata ata fós ann agus an bealach isteach ar chúl ar an ais chéanna leis ar Bhóthar Bhaile an Róistigh. Bhí roinnt foirgneamh beairice lonnaithe laistigh den dún, ina measc: stáblaí, seid vaigín, ceardlanna, stóras tuí, stóras féir, stórais slógtha, ceathrúna na n-oifigeach, armlann, stóras arm, agus roinnt scioból a bhfuil dhá ceann acu fós ina seasamh inniu.



Tá an sean armlann liostáilte ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint do Chathair Luimnigh mar struchtúr a bhfuil “Tábhacht Náisiúnta” agus “Saintréitheacht Neamhchoitianta in Éireann” ag baint leis.

Is struchtúr aon stór a bhfuil síleáil bogthaí bairille aige chomh maith le bailchríoch sheachtach aolchloiche agus tacaí. Rinneadh an foirgneamh, a bhfuil fiúntas ailtireachta ag baint leis, a athchóiriú agus leagann an teach cúirte béim air ar bhealach urramach.

Is struchtúir ata faoi chosaint iad na tithe geata a bhfuil Tábhacht Réigiúnach ag baint leo. Is struchtúir shuimiúla iad ó thaobh na hailtireachta de a bhfuil a mionghnéithe slán ar an mórchuid. Rinneadh na struchtúir stuacha, a bhfuil dhá stua eisléire aolchloiche tosaigh agus trí stua cúil acu, a athchóiriú agus is bealach isteach suntasach saintréitheach iad ó thaobh dhearadh an tí cúirte nua de.